

FOIRM IARRATAIS TÁSTÁIL TIOMÁNA PHRAITICIÚIL



ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

UIMH. IARRATAIS

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Is féidir leat iarratas ar do thástáil tiomána a dhéanamh le do chárta creidmheasa nó dochair ar líne ag www.drivingtest.ie

Nuair atá an fhoirm iarratais comhlánaithe agat, **is féidir leat an leathanach a sracadh** amach agus é a sheoladh le do thoil, leis an táille chuí chuig an seoladh thíos. Mura bhfaigheann tú freagra uainn laistigh de dhá sheachtain, déan teagmháil leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Sonraí teagmhála thíos). Coinníonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aon eolas pearsanta a chuireann tú isteach de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Déileálfaidh an RSA le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú ar an iarratas seo de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

(Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA le do thoil)

1. Mionsonraí

TÁ AN UIMHIR THIOMÁNA ÉIGEANTACH- NÍ FÉIDIR D'IARRATAS A PHRÓISEÁIL GAN Í SEO

Céard í d'uimhir thiomána? (féach nóta 7 ar leathanach 5)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Más é seo an chéad uair duit ceadúnas foghlaimeora a bheith agat, ní féidir leat tástáil tiomána a dhéanamh go ceann 6 mhí tar éis an dáta eisiúna ceadúnais do charr, ghluaistothar nó fheithicil oibre. Riachtanas Oiliúna do Thiománaithe faoi Oiliúint do gach sealbhóir cheadúnas foghlaimeora céaduaire. (féach nóta 8 ar leathanach 5).

TEIDEAL:

AN TUASAL BEAN INÍON

SLOINNE:

CÉADAINM:

SEOLADH REATHA:

BAILE:

CONTAE:

DÁTA BREITHE:

LÁ				MÍ				BLIAIN												
----	--	--	--	----	--	--	--	--------	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

INSCNE:

FIREANN BAINEANN

TEILEAFÓN LAE:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

FÓN PÓCA:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Chomh maith le bealaí eile comhfhreagrais, úsáidfeáir téacsanna ó am go hám chun eolas a thabhairt duit faoi d'iarratas.

SEOLADH RÍOMHPHOIST:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Cuir v tic in aice leis an modh teagmhála is fearr a oireann duit m.sh. chun a admháil go bhfuarthas d'iarratas agus chun dáta do choinne a chur in iúl duit (ná cuir tic ach in aon bhosca amháin). ríomhphost **nó** post

Má roghnaíonn tú an ríomhphost, déan do chuntas ríomhphoist a sheiceáil go rialta le do thoil, mar ní sheolfaimid sonraí do choinne tástála chugat ach amháin trí ríomhphost.

UIMHIR PHEARSANTA SEIRBHISÍ POIBLI (PPSN): (féach nóta 3 leathanach 4)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Má tá ceachtanna faighte agat ó theagascóir faofa tiomána, cuir a uimhir nó a huimhir cheadúnais anseo le do thoil: (féach nóta 12 leathanach 6)

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

1 of 6

2. Cineál iarratais

- [a] Cén catagóir cheadúnais inar mhaith leat tástáil a dhéanamh? (féach nóta 1 ar leathanach 3) (má tá tú ag cur isteach ar thástáil bhus nó trucaile, comhlánaigh led'thail agus féach Mír 2 [k])
(Tabhair faoi deara nach féidir iarratas a dhéanamh ach ar thástáil i gcatagóir amháin ar an bhfoirm seo)
- [b] Cén t-ionad tástála ar mhaith leat do thástáil a dhéanamh ann? (féach nóta 4 ar leathanach 4)
-
- [c] Cuir in iúl dúinn, le do thoil, aon tréimhse nach mbeidh tú ar fáil chun an tástáil a dhéanamh (féach nóta 5 ar leathanach 5)
-
- [d] I gcásanna áirithe bíonn cealúcháin ar fáil. An bhfuil tú saor chun sliotán cealúcháin a thógáil? (féach nóta 5 ar leathanach 5)
 TÁ NÍL
- [e] An ndearna tú tástáil tiomána in aon chatagóir cheadúnais roimhe seo?
 Rinne Ní dhearna
- Má fhreagair tú 'Rinne', tabhair neasdáta na tástála.
- | | | | | | | | | | | |
|----|--|--|----|--|--|--------|--|--|--|--|
| LÁ | | | MÍ | | | BLIAIN | | | | |
|----|--|--|----|--|--|--------|--|--|--|--|
- [f] Céard é cód tagartha agus dáta eisithe do cheadúnais fhoghlaimera sa chatagóir lena mbaineann d'iarratas? (féach nóta 7 leathanach 5)
- | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|--|--|--|--|--|--|----|--|--|----|--|--|--------|--|--|--|--|
| | | | | | | LÁ | | | MÍ | | | BLIAIN | | | | |
|--|--|--|--|--|--|----|--|--|----|--|--|--------|--|--|--|--|
- [g] An bhfuil tú faoi aon mhíchumas a éilíonn go dtiománann tú feithicil a cuireadh in oiriúint go speisialta? (féach nóta 6 ar leathanach 5)
 TÁ NÍL
- [h] An bhfuil tú bodhar nó an bhfuil cailteanas éisteachta ort a chiallaíonn go mbeadh cúnamh ag teastáil uait? (féach nóta 6 leathanach 5)
 TÁ NÍL
- [i] Ar mhaith leat an tástáil a dhéanamh trí Ghaeilge? Ba mhaith Níor mhaith
- [j] Aon fháisnéis ábhartha eile faoi d'iarratas.

[k] Tástáil Bhus nó Trucaile

- [i] Má tá tú ag cur isteach ar thástáil i gcatagóirí cheadúnais bus nó trucaile (C, C1, D, D1 etc), cuir ar an eolas muid má tá tú ag cur isteach ar Theastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (CPC Tiománaí). (féach nóta 2 leathanach 4)
 TÁ NÍL Mura bhfuil, sonraigh
- [ii] Más é TÁ an freagra ar cheist [i], ar mhaith leat an dá chuid den tástáil CPC Tiomána a dhéanamh le chéile? (féach nóta 2 ar leathanach 4)
 Ba mhaith Níor mhaith
- [iii] Má tá cuid amháin den tástáil CPC Tiomána bainte amach agat cheana féin agus más maith leat an chuid eile a dhéanamh anois, cuir in iúl cén chuid ar mhaith leat a dhéanamh: (féach nóta 2 ar leathanach 4)
 Cuid 1 (Tástáil Tiomána) Cuid 2 (Tástáil Eolais Phraiticiúil)

3. Dearbhú ó Dhuine Údaraithe

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar thástáil tiomána agus dearbhaím go bhfuil an fháisnéis atá tugtha agam ceart. Is cion é eolas míthreorach a thabhairt .

Siniú:

Dáta:















2 of 6

EOLAS AR AN BHFOIRM IARRATAIS

TÁSTÁIL TIOMÁNA PHRAITICIÚIL

LÉIGH NA NÓTAÍ SEO GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ D'FHOIRM IARRATAIS

1. Catagóirí Ceadúnais Tiomána

Catagóir Cheadúnais	Feithicilí sa Chatagóir Cheadúnais
A 	Gluaisrothair le taobhcharr ¹ nó gan taobhcharr ¹
A1 	Gluaisrothair le hinneall de mhéid nach mó ná 125cc agus/nó cumas luais níos mó ná 45 km/u, agus le grádú cumachta nach mó ná 11 kw, le taobhcharr ¹ nó gan taobhcharr ¹
M 	Feithicilí dhá roth le hinneall de mhéid nach mó ná 50cc, agus/nó cumas luais nach mó ná 45 km/u.
B 	Feithicilí (Carranna agus veaineanna éadroma) le cóiríocht ³ do 8 paisinéir ar a mhéad agus le dearadh Uasmheáchan Feithicle ² nach mó ná 3,500kg.
EB* 	Feithicilí i gCatagóir B agus leantóir i gceangail leo.
C 	Feithicilí le cóiríocht ³ do 8 paisinéir ar a mhéad le dearadh Uasmheáchan Feithicle ² níos mó ná 3,500 kg.
C1 	Feithicilí (veaineanna móra agus trucaílí éadroma) le cóiríocht do 8 paisinéir ³ ar a mhéad agus le dearadh Uasmheáchan Feithicle ² níos mó ná 3,500 kg ach nach níos mó ná 7,500 kg é.
EC* 	Trucaílí Altacha agus Trucaílí i gCatagóir C agus leantóir i gceangail leo.
EC1* 	Feithicilí i gCatagóir C1 agus leantóir i gceangail leo- ní cóir go mbeadh an teaglam níos mó ná 12,000 kg, Uasmheáchan Feithicle ² .
D 	Feithicilí le cóiríocht do níos mó ná 8 paisinéir ³ .
D1 	Feithicilí i gCatagóir D le cóiríocht do níos mó ná 8 paisinéir ³ ach gan an chóiríochta bheith do níos mó ná 16 paisinéir.
ED* 	Feithicilí i gCatagóir D agus leantóir i gceangail leo.
ED1* 	Feithicilí i gCatagóir D agus leantóir i gceangail leo- ní cóir go mbeadh an teaglam níos mó ná 12,000kg, Uasmheáchan Feithicle ² .
W 	Feithicilí oibre agus tarracóirí talún le leantóir i gceangail leo nó gan leantóir i gceangail leo.

* Chun tástáil tiomána a dhéanamh sna catagóirí seo, ní mór duit ceadúnas tiomána iomlán a bheith agat don fheithicil tarraingthe m.sh. chun tástáil a dhéanamh do cheadúnas iomlán EB, ní mór duit ceadúnas iomlán B a bheith agat agus ceadúnas foghlaimeora do chatagóir EB.

¹ I gcás tástála tiomána gluaisrothair, níl cead taobhcharr a úsáid sa tástáil féin ach amháin i gcás duine faoi mhíchumas.

² Ciallaíonn Uasmheáchan Feithicle (GWV) ollmheáchan ceaptha feithicle m.sh. an t-uasmheáchan ualaigh ceadaithe – de ghnáth, i gcás trucaílí, leagtar é seo amach ar phláta miotail ar an taobh istigh de dhoras an chábáin. Má tá tú in amhras faoi seo, beidh déantóir na feithicle nó do theagascóir tiomána in ann comhairle a chur ort.

³ Ciallaíonn cóiríocht paisinéirí cóiríocht suite do phaisinéirí sa bhreis ar an tiománaí.

Tá sé de dhualgas ortsa an fheithicil a sholáthar don tástáil tiomána. Cuirfear an cineál feithicle agus sonraíochtaí na feithicle in iúl duit sa litir choinne don tástáil.

2. Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí

Tá rialacha nua i bhfeidhm do dhaoine a theastaíonn uathu trucaíl agus busanna a thiomáint go gairmiúil (mar shlí bheatha). Ón 10 Meán Fómhair 2008 i gcás tiománaí bus agus ón 10 Meán Fómhair 2009 i gcás tiománaí trucaile, caithfidh tú Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (CPC Tiománaí) a bheith agat le hoibriú mar thiománaí gairmiúil.

Más maith leat trucaíl nó bus a thiomáint go gairmiúil agus mura bhfuil ceadúnas tiomána iomlán agat (roimh an 10 Meán Fómhair 2008 do bhus agus an 10 Meán Fómhair 2009 do thrucaíl) don fheithicil gur maith leat thiomáint nó d'fheithicil eile sa chatagóir sin, caithfidh tú tástáil tiomána breisithe in dhá chuid a dhéanamh le cáiliú don Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí.

Má tá ceadúnas tiomána iomlán agat, ceadúnas C1 mar shampla, roimh an 10 Meán Fómhair 2009, agus más maith leat ceadúnas C a fháil chun bheith i do thiománaí gairmiúil tar éis an dáta sin, ní gá ach an gnáththástáil tiomána a dhéanamh chun an ceadúnas iomlán C a fháil. Ós rud é go bhfuil an ceadúnas iomlán C1 agat cheana, gheobhaidh tú díolúine ón tástáil CPC Tiománaí breisithe.

Is éard atá i gCuid 1 faoi láthair ná tástáil bhus agus trucaile a mhaireann timpeall 90 nóiméad. Tástáil eolais atá i gceist le Cuid 2 a mhaireann timpeall 30 nóiméad agus a chlúdaíonn gnéithe sábháilteachta tiománaí agus nósanna imeachta ceart. Is féidir na tástálacha seo a sceidealú ina n-aonar ar dhátaí éagsúla nó lena chéile, ar an lá céanna, de réir mar a theastaíonn ón iarratasóir.

Sula ndéantar an tástáil tiomána, ní mór pas a fháil sa ghnáththástáil teoirice tiománaí agus ansin an tástáil teoirice CPC Tiománaí atá ina dhá chuid.

Tig le duine a dhéanann an tástáil bus nó trucaile agus nach bhfuil sé i gceist acu tiomáint go gairmiúil ach a chinneann sin a dhéanamh níos faide anonn Cuid a Dó den tástáil a dhéanamh le cáiliú do CPC Tiománaí, chomh fada is go ndéantar seo (agus an Tástáil Teoirice riachtanach) laistigh de thréimhse dhá bhliana.

Caithfidh tú UPSP (PPSN) a chur ar fáil agus tú ag cur isteach ar CPC Tiománaí. Chun tuilleadh eolais a fháil ar CPC Tiománaí lena n-áirítear sonraí na dtiománaithe a bhfuil díolúine acu ó na rialacha nua tabhair cuairt ar www.rsa.ie agus cliceáil ar an nasc CPC Tiománaí faoi Dheilbhín an Tiománaí Gairmiúil.

3. UPSP(PPSN)

Is éard atá san Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí ná d'uimhir thagartha leithleach chun cabhrú leat teacht ar shochair agus ar eolas ó ghníomhaireachtaí na seirbhíse poiblí.

Mura bhfuil do UPSP (PPSN) ar eolas agat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le d'oifig áitiúil den Roinn Coimirce Sóisialaí. Déanfaidh an oifig seo iarracht d'uimhir a aimsiú nó, más rud é nach bhfuil uimhir agat, tabharfaidh siad ceann duit. Iarrfar ar iarratasóirí ar UPSP cruthúnas doiciméadach céannachta agus cónaithe sa tír seo a sholáthar.

4. Ionaid Tástála

Tá ionaid tástála tiomána suite ar fud na tíre agus leagtar amach sa tábla thíos iad.

Baile Atha Luain	Gaillimh	An Caisteán Nua
Béal an Atha	Guaire	Portlaoise
Biorra	Cil Chainnigh	Ros Comáin
Bun Cranncha	Cill Airne	Sionna
Ceatharlach	Cill Rois	Sciobairín
Cora Droma Rúisc	Leitir Ceanainn	Sligeach
Caisleán an Bharraigh	Durlas	Tiobraid Arann
An Cabhán	An Longford	Trá Lí
An Clochán	Baile Locha Riach	Tuaim
Cluain Meala	Mala	An Tulach Mhór
Corcaigh	Muineachán	Port Láirge
Dún na nGall	An Muileann gCearr	Loch Garman
Dún Dealgan	An Nás	Cill Mhantáin
Dún Garbhán	An Uaimh	
Inis	An tAonach	
Cathair Baile Átha Cliath - *Baile an Teampail/Ráth Garbh - Fionnghlas - Tamhlacht - Ráth Eanaigh		*Cathair Luimnigh - Caisleán Mungairit - Radharc na Coille

* I gcásanna áirithe d'fhéadfadh an t-Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre coinne a thabhairt duit ag ceachtar ionad tástála.

Féadfaidh tú cur isteach ar thástáil tiomána in aon ionad tástála agus déanfar gach uile iarracht do thástáil a sceidealú ag an ionad a roghnaíonn tú. Ní dhéantar tástálacha tiomána do chatagóirí ceadúnais C1, C, EC, EC1, D1, D, ED agus ED1 ach ag líon teoranta de na hionaid mhóra. Má chuireann tú isteach ar thástáil sna catagóirí ceadúnais seo déanfar iarracht thú a sceidealú ag an ionad is giorra duit chun é a dhéanamh.

Má thugann tú cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.rsa.ie feicfidh tú léarscáil láithreáin agus tréimhse feithimh do gach ionad. Má tá tú ag déanamh iarratais ar thástáil i gcatagóir W (tarracóir/feithicil oibre), is féidir leat iarraidh go ndéanfar an tástáil sa bhaile is giorra duit ná aon cheann de na hionaid thuas agus déanfar gach iarracht cabhrú leat.

5. Infhaighteacht

Tá sé mar aidhm ag an Udarás um Shábháilteacht ar Bhóithre tréimhse feithimh mheánach de dheich seachtaine a bheith ann do thástálacha tiomána ag ionaid thástála. Ó am go ham, beidh na tréimhsí feithimh níos faide nó níos giorra, ag brath ar an éileamh ag ionaid tástála ar leith. Mar sin, mura bhfuil tú ar fáil ag pointe éigin laistigh de dheich seachtaine ón uair a rinne tú d'iaratas, ba chóir duit é sin a scríobh ar d'fhoirm iarratais. Beidh tréimhsí feithimh suas chun dáta ar fáil, de réir ionaid thástála, ar an suíomh gréasáin www.rsa.ie.

Cuirtear tástálacha ar ceal ar ghearrfhógra go minic agus más féidir leat tástáil a dhéanamh le fógra chomh gearr le dhá lá agus suas go deich lá, cuir in iúl é ar an bhfoirm iarratais, le do thoil.

6. Míchumas

Má úsáideann tú carr atá curtha in oiriúint chun a chur ar do chumas tiomáint mar go bhfuil tú faoi mhíchumas, cuir é sin in iúl dúinn, le do thoil ionas go bhféadfai na socrúithe cuí a dhéanamh duit lá na tástála. Má tá tú bodhar nó má tá cailteanas éisteachta tromchúiseach ort, cuir é sin in iúl dúinn, le do thoil. Cuirfear roinnt ceisteanna ort ag tús na tástála ar rialacha an bhóthair; chun cabhrú linn na socrúithe a dhéanamh agus chun cabhrú leatsa le treoracha na tástála ar an lá. Is féidir leat cara nó gaol a thabhairt leat, ach ní féidir leis an duine sin a bheith ina teagascóir tiomána. Ní féidir an duine sin a bheith leat ar an gcuid tiomána den tástáil áfach.

7. Ceadúnas Foghlaimeora

Tugadh an ceadúnas sealadach ar an gceadúnas foghlaimeora roimhe seo. Uimhir naoi digit atá san Uimhir Thiomána faoi mhír 5 ar do cheadúnas foghlaimeora. Uimhir trí digit atá sa chód tagartha ceadúnais fhoghlaimeora m.sh. 991 992, scríofa os comhair na catagóire faoin gcolún marcáilte 'eolas shrianta' ar do cheadúnas foghlaimeora. Cuir an cód tagartha agus an dáta eisiúna ar fáil don chatagóir cheadúnais ina bhfuil tú ag déanamh iarratais ar thástáil, le do thoil.

Chun tástáil tiomána a dhéanamh, ní mór duit ceadúnas foghlaimeora don chatagóir cheadúnais inar mian leat an tástáil a dhéanamh a bheith agat. Más é seo an chéad uair duit ceadúnas foghlaimeora (beidh Cód 991 scríofa ós comhair na catagóire faoin gcolún marcáilte srianta/eolas) a bheith agat do chatagóirí ceadúnais A,A1,M,B, EB agus W (Gluisrothar, Carr agus Feithicil Oibre), ní mór duit an ceadúnas foghlaimeora a bheith agat ar feadh sé mhí sula ndéanann tú an tástáil.

Má tá ceadúnas tiomána iomlán ag duine ó dhlínse eile níos faide ná sé mhí, tá sé díolmhaithe ón riachtanas le ceadúnas foghlaimeora céaduaire bheith acu níos faide ná sé mhí sular féidir leo tástáil tiomána a dhéanamh. Sula ndéanann tú tástáil tiomána, caithfidh tú litir theidliochta ó d'údarás ceadúnaithe, mar aon le do cheadúnas tiomána a chur ar aghaidh chuig Bainisteoir Seirbhísí do Chustaiméirí, an Rannóg Tástála Tiomána, RSA, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo, áit a n-údarófar do cheadúnas agus socrófar dáta tástála duit más cuí.

In imthosca áirithe, ní féidir ceadúnas foghlaimeora a bheith agat ach amháin sa chás go bhfuil ceadúnas tiomána iomlán agat cheana d'fheithicil atá níos lú/níos éatroime. Sula ndéanann tú iarratas ar an tástáil, ba chóir duit a dheimhniú go bhfuil an ceadúnas foghlaimeora ceart agat.

Braitheann do cháilitheacht le haghaidh an tríú cheadúnais foghlaimeora do gach catagóir fheithicil nó aon cheann ina dhiaidh sin ar cibé an ndearna tú tástáil tiomána laistigh den dá bhliain roimhe sin nó ar fhianaise a chur ar fáil go bhfuil iarratas curtha isteach agat ar thástáil tiomána sa chatagóir fheithicil atá i gceist.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar cheadúnais fhoghlaimeora, tabhair cuairt ar www.rsa.ie agus cliceáil ar an íocón 'Ceadúnú Tiománaí'.

Má tá tú in amhras faoi do cháilitheacht le haghaidh ceadúnais fhoghlaimeora, ba chóir duit eolas a lorg láithreach ó d'Oifig Mótarchánach áitiúil. Is féidir teacht ar na huimhreacha teileafóin do na hOifigí Mótarchánach faoin gceannteideal Comhairlí Cathrach agus Contae sna leathanaigh ghlasa den eolaire teileafóin.

8. Oiliúint do Thiománaithe faoi Oiliúint

Mar chuid den chlár chun caighdeán tiomána agus sábháilteacht ar ár mbóithre a fheabhsú, beidh ar gach sealbhóir cheadúnas foghlaimeora céaduaire tabhairt faoi Oiliúint do Thiománaithe faoi Oiliúint struchtúrtha a dhéanamh ón 6 Nollaig 2010 do ghluaisrothair agus ón 4 Aibreán 2011 do charranna.

Carranna: Beidh ar shealbhóirí cheadúnas foghlaimeora céaduaire (beidh cód 991 ar an gceadúnas trasna ón gcatagóir sa cholún Srianta/Faisnéis) ar nó i ndiaidh an 4 Aibreán 2011, ceachtanna struchtúrtha a thógáil. Caithfidh foghlaimeoirí faoi oiliúint cairr clár oiliúna a dhéanamh ar a dtugtar Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT) le Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) roimh thástáil tiomána a dhéanamh. Beidh 12 uair i gceist do cheadúnais cairr.

Gluisrothair: I gcás foghlaimeoir gluisrothair, beidh ar shealbhóirí cheadúnas foghlaimeora céaduaire

(beidh cód 991 ar an gceadúnas trasna ón gcatagóir sa cholún Srianata/Faisnéis) ar nó i ndiaidh an 6 Nollaig 2010 clár oiliúna ar a dtugtar Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a dhéanamh le Teagascóir Tiomána Faofa (ADI). Caithfear an IBT a dhéanamh sular féidir leat dul ar an mbóthar i d'aonair le gluaisrothar. Mairfidh an cúrsa IBT 16 huairé.

Tá faisnéis faoin EDT agus an IBT ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.rsa.ie agus is féidir rochtain a fháil uirthi ach cliceáil ar an nasc do Thiománaithe faoi Oilíúint. Tá liosta Teagascóirí Tiomána Faofa le fáil faoin nasc ADI chomh maith.

9. Táille na Tástála Tiomána

Ní mór an táille cheart do gach catagóir cheadúnais tástála a sheoladh isteach le d'iarratas.

Tá siad leagtha amach thíos agus tá siad do-aistrithe agus do-aisíoctha. Ba chóir íocaíocht a dhéanamh le hordú poist, le hordú airgid nó le seic, crosáilte agus iníoctha leis an Udarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. NÁ SEOL AIRGEAD TIRIM. Seolfar iarratais leis an táille mícheart ar ais. (Ar chúiseanna riaracháin, ní dhéanfar aon aisíoc ar €2 nó níos lú de bhreis ar an táille don chatagóir i gceist).

Catagóirí A, A1 B, EB, M agus W	€85
Catagóirí C, C1, D agus D1	€120
Catagóirí EC, EC1, ED agus ED1	€120
Tástáil Tiomána CPC (Catagóir Bhus agus Trucail)	€152 [Cuid 1 - €120] [Cuid 2 - €32]

10. Coinne Tástála a Chur ar Ceal

De ghnáth eisítear coinní tástála ceithre nó cúig seachtaine roimh dáta na tástála. Tá an t-Udarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag obair i dtreo sprioc tréimhse feithimh mheánach de dheich seachtaine nó níos lú. Ba chóir a bheith feasach air seo agus tú ag déanamh d'iarratais. Gheobhaidh tú sonraí faoi thréimhsí feithimh ag ionaid tástála ar leith ag www.rsa.ie. Ní mór fógra de dheich lá, ar a laghad, a thabhairt ar chealúchán. Mura dtugtar, caillfear an táille. Má chuireann tú do choinne ar ceal níos minice ná faoi dhó, caillfear an táille.

11. An Ghaeilge

Tá leagan Gaeilge den fhoirm seo ar fáil. Má chomhlánaítear an fhoirm iarratais seo i nGaeilge nó má chomhlánaítear an leagan Gaeilge den fhoirm, seolfar an tástáil trí Ghaeilge.

12. Ullmhúchán don Tástáil

Mar ullmhúchán don tástáil tiomána ba chóir duit staidéar a dhéanamh ar an leabhrán Rialacha an Bhóthair. Is féidir é a cheannach siopaí leabhair nó cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin www.rulesoftheroad.ie. Faigh ceachtanna tiomána ó theagascóir tiomána faofa (ADI) agus déan cleachtadh faoi mhaoirseacht thiománaí inniúil (féach nóta 8 leathanach 5). Is féidir teacht ar liosta teagascóirí faofa ar an suíomh gréasáin www.rsa.ie agus cliceáil ar an íocón ADI. Tá uimhir cheadúnais m.sh.F11111 ag gach teagascóir tiomána faofa, agus tá sí ar an gcárta ar taispeáint ina fheithicil nó ina feithicil.

13. Cúram Custaiméirí

Tá sé mar chuspóir ag an Udarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuid seirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus fáiltíonn sé roimh aischothú. Má tá tú ag iarraidh aischothú a thabhairt, gearán a dhéanamh nó moladh a thabhairt, is féidir litir a scríobh chuig Oifigeach na Seirbhísí Custaiméara, An Rannóg Tástála Tiomána, An tUdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Is féidir teagmháil a dhéanamh freisin ar Locall 1890 40 60 40, trí ríomhphost ag drivingtest@rsa.ie nó ar ár suíomh gréasáin www.rsa.ie.